



An Bhruiséil, 23 Feabhra 2024
(OR. en)

6683/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0379(COD)**

**CODEC 521
TELECOM 70
DIGIT 50
CYBER 50**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. An 18 Samhain 2022, chuir an Coimisiún an togra¹, atá bunaithe ar Airteagal 172 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 22 Márta 2023².
3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 24 Bealtaine 2023³.
4. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 13 Eanáir 2023⁴.
5. An 6 Feabhra 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle⁵.

¹ 14973/22 + ADD 1 go 5.

² IO C 184, 25.5.2023, lch. 28.

³ IO C 257, 21.7.2023, lch. 28.

⁴ IO C 60, 17.2.2023, lch. 17.

⁵ 6161/24.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhorghneas, mar a leagtar amach in PE-CONS 73/23 mar mhír ‘A’ ar chláir oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.
7. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.
8. Má fhorghneasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.
